Glór Cheatharlach

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

Sábháilteacht an tSamhraidh

Tá séasúr an tsamhraidh faoi lán seoil agus fáiltíonn gach éinne roimh an aimsir bhreá, aoibhinn taitneamhach atá againn le tamall anuas. Leis na scoileanna go léir dúnta agus an iliomad campaí samhraidh ag teacht chun deiridh tá teaghlaigh ag pleanáil cúpla seachtaine a chaitheamh le chéile ar laethanta saoire sa bhaile nó thar lear. Moltar dúinn go léir a bheith an-aireach i rith na tréimhse seo ach go háirithe agus béim an-mhór a leagan ar shábháilteacht ar na bóithre agus ar shábháilteacht uisce. Ní foláir dúinn a bheith san airdeall de shíor. Tá an t-uafás tragóidí agus timpistí tar éis tarlú do dhaoine agus iad ar a laethanta saoire cheana féin an samhradh seo. Seo paidir álainn ón mbéaloideas gur féidir a rá le haghaidh sábháilteacht an samhradh seo:
Dia idir mé agus uisce mo bháite,
Dia idir mé agus taisme bóthair,
Dia do mo stiúradh, Dia do mo shaoradh,
Dia do mo sheoladh,
Agus Dia do mo shábháil ar muir is ar tír.

Gluais: ..... **Glossary:**
sábháilteacht ..... safety
séasúr ..... season
taitneamhach ..... pleasant
teaghlaigh ..... families
tréimhse ..... period
go háirithe ..... especially
san airdeall ..... alert
béaloideas ..... folklore
taisme ..... accident
ar tír ..... on land
ar muir ..... on sea

Lá San Svaítín

Amárach an 15ú Iúil agus thar aon oíche eile i gcaitheamh na bliana beidh daoine ag faire amach anocht do réamháisnéis na haimsire. Cén fath, a deir tú? Bhuel de réir an tseanchais, má bhíonn an ghrian ag taitneamh ar an 15ú Iúil beidh daichead lá de laethanta geala againn gan braon báistí. Faraoir má bhíonn sé ag cur báistí amárach leanfaidh sé ag clagarnach go ceann daichead lá eile!
B'fhéidir nach gá béim róthábhachtach a leagadh ar an bhfinscéal áirithe seo áfach mar de réir an leabhair Red Sky at Night, le Jane Struthers, rinne stáisiún meitéareolaíoch taighde caoga cúig huaire ar an teoiric agus cruthaíodh arís agus arís eile nach raibh aon fhírinne ann.
Is cosúil gur theastaigh ó Naomh Swithin, a bhí ina Easpag i Winchester sa Bhreatain, a bheith curtha in uaigh faoin aer ag briseadh leis an nós go mbíodh easpaig adhlactha istigh san Ardeaglais. Naoi mbliana tar éis a bháis do rinneadh iarracht a chorp a aistriú isteach san Ardeaglais ach thosaigh sé ag stealladh báistí gan stop gan stad agus shéid stoirm mhór ag cur deireadh leis an iarracht.
Ní foláir dúinn is cosúil a bheith sásta le pé sórt aimsire a sheolann Dia chugainn ag coiméad i gcuimhne go bhfaigheann foighne fortacht. Pé scéal é b'fhéidir

gur fiú an phaidir seo ón mbéaloideas a rá agus cá bhfios cad a tharlóidh!
Báisteach ó Dhia chugainn ach gan í a bheith fliuch,
Cuid an lae amárach go dtite sí anocht!

Gluais: ..... **Glossary:**
amárach ..... tomorrow
réamháisnéis ..... forecast
seanchas ..... tradition
clagarnach ..... clattering
daichead ..... forty
taighde ..... research
finscéal ..... legend
uaigh ..... grave
foighne ..... patience
fortacht ..... succour
béaloideas ..... folklore

Bí réidh do Ranganna Gaeilge an fhómhair

Gaelchultúr

Tá an-áthas ar Ghlór Cheatharlach a fhógairt go bhfuil na socruithe in áit agus go mbeidh Cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta ar fáil i gCeatharlach sa fómhar. Is í seo an t-ochtó bliain de na ranganna ar siúl i gcomhar le Gaelchultúr. Tosnóidh na cúrsaí an tseachtain dar tús 21ú Meán Fómhair agus beidh ranganna ar oíche amháin sa tseachtain ó 7.00-9.00i.n. ar feadh deich seachtaine.
Mar is gnáthach cuirfear cúrsaí ar fáil ag bun agus meán leibhéil. Ag braith ar éileamh déanfar cúrsa ar ard leibhéal a sholathar chomh maith. Is ar an Luan a bheidh na bunchúrsaí ar siúl agus beidh na meán leibhéil ar an Mháirt. In oifigí Chomhairle Chontae Cheatharlach ar Bhóthar Átha Í a bheidh na ranganna go léir ar siúl.
Daoine gur mhian leo freastal ar chúrsa agus nach bhfuil cinnte cén leibhéal is fearr a d'oirfeadh dóibh is féidir leo an Triail Ghaeilge ar líne atá ar fáil saor in aisce ar shuíomh idirlín an chomhlachta www.gaelchultur.com a dhéanamh. Táille €180 atá ar na cúrsaí agus tá clárú oscailte ar líne anois nó is féidir glaoch a chur ar 01 4845220. Tá gach eolas ar an suíomh dátheangach. Is féidir na sonraí uile a fháil freisin ó Glór Cheatharlach ar 087 2857048, 085 1340047 nó scríobh chuig eolas@glorcheatharlach.ie

Gluais:	**Glossary**
socruithe	arrangements
leibhéal	level
táille	fee
saor in aisce	free of charge
clárú	registration
ar líne	on line
dátheangach	bilingual

Teach an Phiarsaigh i Ros Muc

Thug an Taoiseach Enda Kenny cuairt ar Theach an Phiarsaigh i Ros Muc, Conamara le déanaí chun an chéad fhód a chasadh ar shuíomh Ionad Cultúir an Phiarsaigh a thógfar gar don teach stairiúil. Tá Ionad an Phiarsaigh ar cheann de na tograí Stáit atá á mbeartú do Chomóradh Éirí Amach 1916 an bhliain seo chugainn.
I gcroílár Éire 2016: Clár Chomórtha Céad Bliain beidh réimse gníomhaíochtaí agús ócaidí éagsúla a bheidh dírithe ar imeachtaí na bliana 1916 a chomóradh agus a cheiliúradh. Beidh an Rialtas ag tacú le seacht dtionscadal caipitil suntasach in am don chomóradh ins measc Ionad Léirmhíniúcháin Ard-Oifig an Phoist, Priosún Chill Mhaighneann, Dún Richmond, an Ceoláras Náisiúnta, an Músaem Tionóntain, an Chartlann Mhíleata agus Teach an Phiarsaigh. Forbrófar an tIonad Cultúrtha ag Teach an Phiarsaigh ina dtabharfar léargas ar an nGaeilge, ar chultúr na Gaeltachta agus ina ndíreofar ar Phádraig Mac Piarais agus ar an mbaint a bhí aige le Ros Muc i gceartlár Ghaeltacht Chonamara.
Tar éis dó an fód a chasadh don Ionad Cultúrtha, dúirt an Taoiseach go mbeadh imní agus buairt ar Phádraig Mac Piarais faoi chúlú na Gaeilge le céad bliain anuas. Dúirt sé go raibh an Piarsach an-dílis don teanga agus do thraidisiún na Gaeilge. "Ba mhaith linn go léir go mbeadh mianta an Phiarsaigh i dtaobh na teanga, an chultúir agus na hoidhreachta i gcroílár an chomóraidh ar 1916," a dúirt an Taoiseach. D'aontaigh sé áfach go bhfuil dúshlán mór amach ar aghaidh mhuintir na hÉireann i dtaobh na Gaeilge céad bliain tar éis Éirí Amach na Cásca, 1916. Bímís ullamh chuige!

Gluais: ..... **Glossary**:
fód ..... sod
tograí ..... projects
Éirí Amach ..... Rising
croílár ..... centre
forbrófar ..... will develop
cúlú ..... decline
dílis ..... loyal
mianta ..... wishes
dúshlán ..... challenge
ullamh ..... ready